**Roinn an Chórais Iarnróid (RSY):**

Tá Roinn an Chórais Iarnróid ina cuid lárnach den Inniúlacht um Chórais Iarnróid don Ghníomhaireacht.

Agus í roinnte ina trí aonad éagsúla, cumhdaíonn an Roinn na feidhmeanna seo a leanas:

- Cúrsaí sábháilteachta agus oibríochtaí iarnróid;
- Idir-inoibritheacht Iarnróid i ndáil le feithiclí agus infreastruchtúr;
- ERTMS.

Chuige sin, tá sé d'aidhm ag RSY éabhlóid Ailtireacht um Chóras Sprice SERA a spreagadh ó thaobh sonraíochtaí agus próisis bhailíochtaithe agus deimhnithe, agus na riachtanais taighde a shainaithint maidir leis an gCóras Iarnróid sprice don todhchaí.

Tá RSY freagrach as tograí a fhorbairt chomh maith, agus as tacú leis an earnáil chun éabhlóid Chóras Iarnróid sprice SERA a bharrfheabhsú agus na réitigh is inmharthana a chur i bhfeidhm ar mhaithe le hidir-inoibritheacht theicniúil agus oibríochtúil bhreise. Sa bhreis air sin, tá sé de chúram ar RSY cothabháil agus feabhsú, a mhéid is indéanta, a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar fheidhmíocht fhoriomlán an chórais iarnróid.

Tá sé mar mhisean eile ag RSY gníomhú mar chuimhne chorparáideach le haghaidh éabhlóid Ailtireacht um Córas Iarnróid SERA, agus mar Údarás Córais le haghaidh ERTMS agus Feidhmchláir Theileamaitice do Phaisinéirí agus Lastas.

Ar deireadh, tá sé d'aidhm ag RSY comhsheasmhacht na gcinntí teicniúla arna nglacadh ar fud Aonaid agus Fhoirne éagsúla na Gníomhaireachta a áirithiú.